

# Laethanta na Seachtaine




| | | |
|---|---|---|
| 1. | An Luan | Dé Luain |
| 2. | An Mháirt | Dé Máirt |
| 3. | An Chéadaoin | Dé Céadaoin |
| 4. | An Déardaoin | Déardaoin |
| 5. | An Aoine | Dé hAoine |
| 6. | An Satharn | Dé Sathairn |
| 7. | An Domhnach | Dé Domhnaigh |

**Dé Luain** déanann Mamaí an **níochán**. Cuireann sí na héadaí go léir sa **mheaisín níocháin**. Ansin cuireann sí ar an líne sa ghairdín cúil iad. Triomaíonn an ghaoth iad tar éis tamaill.

**Dé Máirt** téann Úna **ar cuairt** chuig a seanmháthair. Tugann sí leabhar agus torthaí di. Fanann sí ag caint léi ar feadh tamaill.

**Dé Céadaoin** téann Mamaí go dtí an chathair ag siopadóireacht. Tugann sí Nuala léi. Ceannaíonn sí a lán **earraí** don teach. Tagann sí abhaile um thráthnóna.

**Déardaoin** bíonn Liam ag imirt peile leis na buachaillí eile nuair a bhíonn an scoil thart. Imríonn siad i bpáirc in aice na scoile. Bíonn an máistir ina **réiteoir** ar an gcluiche.

**Dé hAoine** tagann Aintín Nóra ar cuairt chugainn. Bíonn cead ag na páistí breathnú ar **chláir teilifíse** an oíche sin.

**Dé Sathairn** ní théann na páistí ar scoil. Fanann Liam sa leaba go dtí a deich a chlog. Níonn Daidí an carr.

**Dé Domhnaigh** téann an chlann **ar Aifreann**. Tugann Daidí **airgead póca** do na páistí. Tar éis an dinnéir téimid go léir ar turas sa charr.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **níochán,** washing | **torthaí,** fruit |
| **triomaíonn,** dries | **earraí,** goods |
| **seanmháthair,** grandmother | **réiteoir,** referee |

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cá dtéann Úna Dé Máirt?
   — go dtí an sorcas.
   — chuig a seanmháthair.
   — ar Aifreann.

2. Cá mbíonn Liam ag imirt peile leis na buachaillí?
   — i gclós na scoile.
   — sa ghairdín cúil.
   — i bpáirc in aice na scoile.

3. Cad a dhéanann Daidí Dé Sathairn?
   — Níonn sé an carr.
   — Fanann sé sa leaba.
   — Téann sé ar turas.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Dé Luain déanann Mamaí — — .
2. Dé Máirt téann Úna ar cuairt chuig — — .
3. Dé Céadaoin téann Mamaí go dtí an chathair — — .
4. Déardaoin bíonn Liam ag imirt peile nuair a bhíonn — — —
5. Dé hAoine tagann Aintín Nóra — — chugainn.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Sa mheaisín níocháin.
2. Fanann sí ag caint léi ar feadh tamaill.
3. An máistir.
4. Aintín Nóra.
5. Téann siad ar Aifreann.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a thriomaíonn na héadaí nuair a bhíonn siad ar an líne?
2. Cad a thugann Úna dá seanmháthair?
3. Cad a cheannaíonn Mamaí sa chathair?
4. Céard a dhéanann na páistí Dé hAoine?
5. Cén fáth nach dtéann na páistí ar scoil Dé Sathairn?
6. Cad a thugann Daidí do na páistí Dé Domhnaigh?
7. Cén lá sa tseachtain is fearr leat?
8. Cén fáth sin?

**Gramadach 5**

1. Fanann sí ag caint **léi** ar feadh tamaill.
   (mise, tusa, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
2. **An Clog:**
   **Scríobh amach** : 9.30 r.n., 10.45 r.n., 3.00 r.n., 4.00 i.n., 7.30 i.n.
3. **Briathra : Aimsir Láithreach :**
   Gach lá scuabaim agus cíoraim mo chuid gruaige. Glanaim mo mhála. Ním m'aghaidh agus mo lámha.
   **Scríobh na habairtí arís ag tosú mar seo:**
   Gach lá scuabann sé agus . . . . . . . . . .